



Ciorclán Uimh 007/2019

Ciorclán chuig Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna Príomhshrutha Leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta

1. Achoimre an Chiorcláin

Seo iad na príomhcheistean ar díriodh orthu sa Chiorclán seo:

- Tabharfar leithdháiltí Múinteoirí Oideachais Speisialta le haghaidh scoileanna príomhshrutha chun dáta ó Mheán Fómhair 2019. (Roinn 2)
- Tá 1,000 múinteoir oideachais speisialta breise curtha ar fáil le haghaidh scoileanna ó bhí 2017 ann, agus ag an am céanna mhéadaigh líon na múinteoirí oideachais speisialta de 37% ó 2011, ó 9,740 in 2011, go breis is 13,300 faoi láthair. (Roinn 3)
- Ní laghdófar líon na bpost do mhúinteoirí oideachais speisialta i gcóras na scoileanna. (Roinn 3)
- De réir mar a dhéanfar athphróifiliú, gheobhaidh scoileanna áirithe leithdháileadh breise, i gcás ina léiríonn sonraí an táscaire próifíle go bhfuil riachtanais bhreise ag na scoileanna sin. Laghdófar an leithdháileadh i scoileanna áirithe, mar a léiríonn na sonraí laghdú ar riachtanais. (Roinn 3.1) Coimeádfaidh formhór na scoileanna (70%) an leithdháileadh atá acu, gan aon athrú. (Roinn 3.2)
- Déanfar na leithdháiltí ar aon dul le prionsabail of chothromais agus na cothromaíochta is bonn don tsamhail nua, atá ceaptha le riachtanais aitheanta a chomhlíonadh.
- I gcás coigeartuithe, déanfar na hathruithe de réir a chéile. Scoileanna a laghdófar a leithdháileadh, gheobhaidh siad an leithdháileadh iomlán próifílithe móide 80% den chuid coimeáda. Is ionann an chuid choimeáda agus an chuid sin den leithdháileadh atá sa bhreis ar an méid is cóir a leithdháileadh ar an scoil, de réir na próifíle. (Roinn 3.2)
- Ní dhéanfar aon athrú ar leithdháiltí is mó ná athrú 20% ar an gcuid choimeáda a tharlódh ar shlí ar bith mura gcuirfí cur chuige de réir a chéile i bhfeidhm. Cuirfear na hathruithe i bhfeidhm de réir a chéile, chun cuidiú le scoileanna athrú níos réidhe a dhéanamh ón gcóras leithdháilte roimhe seo go dtí an tsamhail próifílithe. (Roinn 3.2)
- Chun an cur isteach ar leithdháiltí scoile a íoslaghdú, déanfar neamhaird do mhéaduithe agus do laghduithe beaga (Roinn 3.2)

- Dhá bhliain a mhairfidh na leithdháiltí a dhéanfar do scoileanna le héifeacht ó Mheán Fómhair 2019, agus smaoineofar ar leithdháiltí leasaithe próifilithe a dhéanamh ina dhiaidh sin do scoileanna ó Mheán Fómhair 2021 amach. (Roinn 4)
- Leagtar amach sa Chiorclán sonraí na gcritéar agus na sonraí a úsáideadh chun comhpháirteanna éagsúla phróifilí na scoileanna a thabhairt chun dáta. (Ranna 6 agus 7)
- Cuirfear sonraí na leithdháiltí in iúl do na scoileanna. Féadfaidh scoil achomharc a dhéanamh i gcás ina mbraitheann siad gur úsáideadh sonraí neamhchruinne próifile, nó nár ríomhadh iad go cruinn. (Roinn 9)

2. Cuspóir an Chiorcláin seo

Is é cuspóir an Chiorcláin seo a chur in iúl do na scoileanna go dtabharfar leithdháiltí múinteoirí oideachais speisialta chun dáta i gcás bunscoileanna príomhshrutha le héifeacht ó Mheán Fómhair 2019. Gheofar sa Chiorclán seo mionsonraí na gcritéar a chuirfear i bhfeidhm chun leithdháiltí próifile scoileanna a thabhairt chun dáta anois.

Rinneadh foráil i gCiorclán 0013/2017 na Roinne chun próiseas leasaithe a thabhairt isteach do leithdháileadh múinteoirí oideachais speisialta ar bhunscoileanna le héifeacht ó Mheán Fómhair 2017. Ghabh an tsamhail leithdháilte seo áit scéim na Samhla um Dháileadh Ginearálta agus Béarla mar Theanga Bhreise (GAM/EAL), agus próiseas leithdháilte na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) a chuir acmhainn bhreise tacaíochta teagaisc ar fáil do scoileanna roimhe seo.

Ba chóir an Ciorclán seo a léamh i gcomhar le Ciorclán 0013/2017 na Roinne, ina leagtar amach mionsonraí an mhodha inar tugadh isteach an tsamhail um leithdháileadh múinteoirí oideachais speisialta. Mionsonraítear ann an réasúnaíocht leis an tsamhail nua leithdháilte a thabhairt isteach, samhail atá bunaithe ar mholtaí a rinneadh i dTuarascáil Ghrúpa Oibre na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta *Soláthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu: Samhail Nua Bheartaithe chun Acmhainní Múinteoireachta a Leithdháileadh ar Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (2014)*

Dearadh an tsamhail do leithdháileadh múinteoirí oideachais speisialta chun acmhainní múinteoireachta a scaipeadh go cothrom ar na scoileanna, agus riachtanais phróifílithe gach scoile a chur san áireamh.

Ghabh sé áit na samhla roimhe sin a measadh a bhí neamhchothrom, a chothaigh lipéadú neamhriachtanach ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu, a bhí neamhchruinn mar fhreagairt agus a raibh diagnóis fhoirmiúil agus nós imeachta iarratais mar réamhchoinníoll leis chun acmhainní múinteoireachta a aimsiú.

Bunaithe ar chomhairle beartais a fuarthas ón CNOS, cuireadh samhail nua leithdháilte i dtoll a chéile chun an t-easnamh seo a leigheas trí phróifíl a chruthú maidir le gach scoil, atá bunaithe ar riachtanais agus a thugann smacht do na scoileanna ar an tslí a n-úsáideann siad na hacmhainní atá acu.

Le bheith cinnte go gcomhlíonfadh an tsamhail nua na riachtanais, déanfar é a athbhreithniú go rialta chun athruithe ar rolluithe agus ar phróifílí na scoileanna a léiriú.

Ba chóir an Ciorclán seo a léamh i gcomhar leis na *Treoirlínte do Bhunscoileanna: Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Scoileanna Príomhshrutha*, a gheofar ag:

<https://www.education.ie/en/The-Education-System/Special-Education/Guidelines-for-Primary-Schools-Supporting-Pupils-with-Special-Educational-Needs-in-Mainstream-Schools.pdf>

<https://www.education.ie/en/The-Education-System/Special-Education/supporting-students-with-special-educational-needs-key-actions-for-primary-schools.pdf>

Cuireadh in iúl i gCiorclán 0013/2017 na Roinne go bhfágfaí tacaíochtaí breise múinteoireachta a cuireadh ar fáil ó Mheán Fómhair 2017 mar a bhí go ceann dhá bhliain, agus go mbeadh leithdháiltí próifílithe leasaithe á gcur in iúl do na scoileanna ó Mheán Fómhair 2019 amach.

Mar sin déanfar leithdháiltí leasaithe múinteoirí oideachais speisialta maidir leis na scoileanna le héifeacht ó Mheán Fómhair 2019.

3. Tacaíocht le haghaidh na Samhla um Leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta

Cuireadh acmhainní suntasacha breise ar fáil chun poist bhreise múinteoirí oideachais speisialta a chur ar fáil sna scoileanna le blianta beaga anuas.

Cuireadh 1,000 múinteoir breise oideachais speisialta ar fáil sna scoileanna ó bhí 2017 ann.

Tá méadú 37% tagtha ar líon na múinteoirí oideachais speisialta atá ar fáil le leithdháileadh ar na scoileanna ó bhí 2011 ann, ó 9,740 in 2011, go breis is 13,300 faoi láthair. (Roinn 3)

Chinntigh na hacmhainní breise a cuireadh ar fáil go raibh dóthain acmhainní ag na scoileanna chun tacaíocht bhreise múinteoireachta a chur ar fáil i scoileanna príomhshrutha do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu.

Faoi láthair tá post múinteora amháin oideachais speisialta ar a laghad ann i gcás gach ceithre phost múinteora i rang príomhshrutha ar fud earnáil an bhunoideachais.

Is méadú suntasach iad na hacmhainní breise a cuireadh ar fáil ó bhí 2017 ann ar leibhéal iomlán na dtacaíochtaí múinteoireachta oideachais speisialta atá ar fáil do na scoileanna agus chabhraigh siad leis na scoileanna an t-athrú a dhéanamh ón gcóras leithdháilte roimhe seo, go dtí an tsamhail nua leithdháilte phróifílithe, lena laghad cur isteach is féidir.

3.1 Coigeartú ar Leithdháiltí

Bíodh is gur cuireadh soláthar breise ar fáil chun múinteoirí breise oideachais speisialta a sholathar do scoileanna sna blianta deireanacha, a sháraigh go suntasach an fás sa daonra, cinnteoidh an tsamhail um leithdháileadh múinteoirí oideachais speisialta go scaipfear, ag eatrainmh rialta, líon iomlán na múinteoirí oideachais speisialta atá ar fáil ar fud an chórais scoile, bunaithe ar riachtanais phróifílithe tráth an athbhreithnithe.

Tráth an athphróifílithe, i gcás ina ndéantar athrú ar líon na ndaltaí, nó ar an bpróifíl oideachais, is féidir go n-athrófar an leithdháileadh i gcás scoileanna áirithe.

Bunófar an t-athdháileadh ar riachtanais choibhneasta gach scoile, mar a ríomhtar ar bhonn thacar sonraí na bpríomhtháscairí atá leagtha amach i Ranna 6 agus 7 den Chiorclán seo.

Is féidir go méadóidh riachtanais scoileanna áirithe, agus go laghdófar riachtanais scoileanna eile. Beidh coigeartuithe ar leithdháiltí de dhíth chun é sin a léiriú, mar sin gheobhaidh scoileanna áirithe leithdháileadh breise agus laghdófar an leithdháileadh i gcás scoileanna eile.

Ní laghdófar líon na bpost do mhúinteoirí oideachais speisialta i gcóras na scoileanna.

Tá scoileanna ann a gheobhaidh leithdháiltí breise, sa chás go léiríonn sonraí táscaire próifíle riachtanais bhreise sna scoileanna sin, agus laghdófar leithdháiltí scoileanna eile, sa chás go léiríonn sonraí tascáire próifíle riachtanais laghdaithe sna scoileanna sin.

De réir a chéile a dhéanfar aon choigeartú is gá.

3.2 Coigeartú ar bhonn Céimnitheach

Chuir Ciorclán 0013/2017 na Roinne in iúl do na scoileanna go ndéanfar coigeartuithe ar leithdháiltí de réir a chéile, a chuirfidh san áireamh athruithe ar rollú scoile agus ar shonraí próifíle, ó cuireadh na leithdháiltí tosaigh i dtoll a chéile.

Bainisteofar an t-athdháileadh ag céim an athbhreithnithe ionas nach mbeidh tionchar díobhálach aige ar scoil ar bith sa ghearrthearma de réir mar atá an t-athphróifiliú á chur i gcrích.

Ar bhonn céimnitheach a dhéanfar aon athdháileadh ar acmhainní ar fud chóras na scoileanna.

Íoslaghdófar an cur isteach neamhriachtanach a d'fhéadfadh athruithe beaga ar leithdháiltí a dhéanamh ar na scoileanna.

Nuair a dhéanfar leithdháiltí na scoileanna a athphróifiliú i Meán Fómhair 2019, cuirfear na critéir seo a leanas i bhfeidhm:

- (i) I gcás ina léiríonn na sonraí leasaithe próifílithe go bhfuil eilimint coimeádta i leithdháileadh iomlán scoile de mhuinteoirí oideachais speisialta, amhail i Meán Fómhair 2019, coimeádfaidh an scoil 80% den eilimint coimeádta sin. Laghdófar an eilimint coimeádta de 20%.

Gheobhaidh scoileanna an leithdháileadh iomlán atá ag dul doibh de réir a bpróifíle. Anuas ar sin, coimeádfaidh scoileanna 80% den eilimint coimeádta atá léirithe ina bpróifíl agus athdháilfear 20% den eilimint coimeádta ar scoileanna eile mar ar léiríodh méadú ar riachtanas ina bpróifíl.

- (ii) I gcás gur beag an tionchar ar an leithdháileadh a bheadh ag laghdú a dhéanfaí ar aon eilimint coimeádta, ceadófar don scoil a leithdháileadh reatha a choimeád gach athrú.

Dá réir sin, i gcás ina léiríonn an tsamhail gur lú ná 10 n-uair an chloig an laghdú, ní dhéanfar aon laghdú. Ceadófar do scoileanna a leithdháiltí reatha a choimeád. Chun an laghdú de 20% a chur i bhfeidhm ar eilimint coimeádta de 10 n-uair an chloig nó faoina bhun, chaithfí dhá uair an chloig nó faoina bhun a ghearradh. Níorbh fhiú an obair riaracháin a theastódh do na coigeartuithe réasúnta beag seo.

Ní ghearrfar an 20% de leithdháiltí coimeádta ach amháin i gcás scoileanna a bhfuil eilimint coimeádta os cionn 10 n-uair an chloig acu.

Cabhróidh sé sin chun an cur isteach ar leithdháiltí scoile a íoslaghdú.

- (iii) De réir na samhla, athdháilfear leibhéal foriomlán na n-acmhainní atá ar fáil sa chóras, bunaithe ar riachtanais choibhneasta na scoileanna. De bhrí go gcuirfear na coigeartuithe anuas i bhfeidhm ar shlí bhainistithe agus de réir a chéile, mar atá leagtha amach i ranna (i) agus (ii) thuas, chun an t-iarmhéid indáilte is cothroime a chruthú leis na hacmhainní atá ar fáil, cuirfear na critéir chéanna i bhfeidhm i gcás aon choigeartuithe aníos sa phróiseas athphróifílithe.

Beidh teorainn de 20% le méaduithe i gcás scoil ar bith a mbeadh níos mó ná 10 n-uair an chloig de bhreis ag dul dóibh.

4. Athbhreithniú ar phróifílí

Dhá bhliain a mhairfidh na leithdháiltí a dhéanfar do scoileanna le héifeacht ó Mheán Fómhair 2019, agus smaoineofar ar leithdháiltí leasaithe próifílithe a chur ar fáil ina dhiaidh sin do na scoileanna ó Mheán Fómhair 2021 amach.

5. Próifílí Scoile

Ar phróifíl oideachais na scoile a bhunófar leithdháileadh múinteoirí oideachais speisialta; dhá chomhpháirt a bheidh sa phróifíl:

- Comhpháirt bhonnlíne a chuirfear ar fáil do gach scoil phríomhshrutha chun tacú le cuimsiú, cúnamh le deacrachtaí foghlama agus luath-idirghabháil, agus:
- Comhpháirt phróifíl oideachais scoile; ina gcuirfear san áireamh:
 - Líon na ndaltaí rollaithe sa scoil a bhfuil riachtanais chasta acu
 - Riachtanais foghlama daltaí i bhfianaise thorthaí thástálacha caighdeánaithe sa litearthacht agus san uimhearthacht
 - Comhthéacs sóisialta na scoile, lena n-áirítear míbhuntáiste agus inscne.

Seo a leanas an tslí a ríomhfar na leithdháiltí a sholáthrófar do scoileanna ó Mheán Fómhair 2019, bunaithe ar na táscairí próifílithe atá leagtha amach thuas:

6. Bonnlíne

Beidh leithdháileadh bonnlíne gach próifíl scoile comhdhéanta de 20% de líon iomlán na bpost do mhúinteoirí oideachais speisialta atá ar fáil, agus iad ath-leithdháilte go cothrom ar na scoileanna uile, bunaithe ar líon rolluithe na scoile.

Chun an tSamhail um Leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta a thabhairt isteach, chuathas i muinín na sonraí rollaithe ar Bhunachar Sonraí ar Líne na mBunscoileanna (POD) don scoilbhliain 2015/16.

Chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tSamhail um Leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta i 2019, rachfar i muinín na sonraí rollaithe ar Bhunachar Sonraí ar Líne na mBunscoileanna (POD) don scoilbhliain 2017/18, arb iad na sonraí rollaithe is iomláine is déanaí dá bhfuil ar fáil.

Níl sa leithdháileadh bonnlíne ach comhpháirt amháin den leithdháileadh. Ar mhaithe le forléargas iomlán a fháil ar a leithdháileadh múinteoirí speisialta oideachais, ní mór do scoileanna féachaint ar a leithdháileadh bonnlíne, mar aon leis an leithdháileadh a fhaigheann siad faoin gcomhpháirtí phróifíle oideachais, a thugann an leithdháileadh iomlán dóibh.

7. Próifíl Oideachais na Scoile.

7.1 An líon daltaí atá rollaithe sa scoil agus a bhfuil riachtanais chasta acu.

Ar mhaithe le tabhairt isteach na samhla nua leithdháilte, ó Mheán Fómhair 2017, tá úsáid á baint as na leithdháiltí ‘Ísealmhnicíochta’ CNOS a ceapadh do gach scoil le linn scoilbhliain 2016/17, chun comhpháirt na riachtanas casta de chuid na samhla nua leithdháilte do gach scoil a dhéanamh amach.

Cuireadh in iúl i gCiorclán 0013/2017 na Roinne, chun daltaí sa chatagóir seo a aithint amach anseo, go gcuirfear san áireamh sa tsamhail seo an próiseas cinnteoireachta agus na critéir cháiliúcháin do roghnú leanaí chun teacht a fháil ar Fhoirne Líonra Míchumais an FSS do Leanaí.

Cuireadh in iúl do na scoileanna gurb iad na leithdháiltí reatha ísealmhnicíochta do scoileanna a úsáidfear mar chatagóir na riachtanas casta nuair a bheidh athphróifiliú á dhéanamh ar an tsamhail feasta, lúide aon daltaí sa chatagóir a fhágann an scoil, móide leithdháileadh breise le haghaidh comhpháirt nua na ndaltaí i gcatagóir na riachtanas casta, don bhliain nó do na blianta i dtrácht, ó cuireadh na chéad phróifílí scoile i dtoll a chéile.

Ar mhaithe leis an athbhreithniú ar an tsamhail i Meán Fómhair 2019 ar leibhéal iontrála bunscoile, cuirfear san áireamh sa tsamhail an próiseas cinnteoireachta agus na critéir cháiliúcháin trína roghnaítear leanaí óga chun rochtain a thabhairt dóibh ar Fhoirne Líonra Míchumais an FSS do Leanaí, chun iontrálaithe nua i gcatagóir na riachtanas casta a shainaithint.

Tá nósanna imeachta an FSS chun teacht ar Fhoirne Lónra Míchumais do Leanaí a chinneadh le fáil sa Bheartas Náisiúnta ar Theacht ar Sheirbhísí do Leanaí & do Dhaoine Óga faoi Mhíchumas & Moill Forbraíochta (FSS 2016). Ar chumas an linbh feidhmiú i raon fearann a bhunaítear an teacht sin, i gcomparáid len é a bhunú ar dhiagnóis fhoirmiúil míchumais.

Is é an cohórt daltaí a aithníonn an FSS mar dhaltaí atá ag fáil, nó a cháilíonn tar éis measúnú¹ chun Seirbhísí Míchumais an FSS a fháil, agus a rollaigh i ranganna Naíonán Sóisearach i ngach scoilbhliain ó 2017/18 ar aghaidh na daltaí a áireofar mar an tacar nua sonraí i gcás daltaí nua a bhfuil riachtanais chasta acu agus a rollaíonn sna scoileanna.

I gcás an athbhreithnithe ar an tsamhail i Meán Fómhair 2019, is iad na rolluithe nua Naíonán Sóisearach i scoilbhliain 2017/18 a áireofar i gcomhpháirt na riachtanas casta i bpróifíl oideachais scoile.

Is iad an chatagóir de dhaltaí nua-rollaithe a bheidh á n-áireamh sa chatagóir nua riachtanas casta na daltaí a aithníonn an FSS mar dhaltaí atá ag fáil, nó a mheasúnaítear mar leanaí a cháilíonn chun seirbhísí míchumais an FSS a fháil.

Ní hé an cohórt céanna daltaí a cháiligh roimhe seo, b'fhéidir, do na catagóirí ísealmhínicíochta le haghaidh uaireanta teagaisc acmhainne. Is fothacar iad de na daltaí sin, de bhrí gurb iad atá aitheanta ag an FSS mar na daltaí is mó a bhfuil riachtanas feidhmiúil acu.

Daltaí a fuair uaireanta an chloig de mhúinteoireacht acmhainne faoin tseansamhail leithdháilte ísealmhínicíochta don mhúinteoireacht acmhainne, beidh siad i dteideal tacaíocht bhreise mhúinteoireachta, más gá, ó leithdháileadh próifílithe foriomlán na scoile le haghaidh tacaíocht mhúinteoireachta oideachais speisialta. Má bhíonn riachtanais bhreise tacaíochta foghlama acu, mar is léir óna bhfeidhmíocht ar thriail chaighdeánaithe, beidh sé sin mar chuid d'athbhreithnithe a dhéanfar ar an bpróifíl amach anseo.

¹ Áirítear i bpróiseas aitheantais an FSS na leanaí sin a fhaigheann Seirbhísí Míchumais an FSS do Leanaí agus/nó iad siúd a measúnaíodh mar leanaí a cháilíonn chun Seirbhísí Míchumais a fháil, ach nach bhfuil na seirbhísí sin á bhfáil acu fós.

De réir a chéile a dhéanfar an leasú seo ar chomhpháirt reatha riachtanas casta na bpróifílí scoile, agus aithneofar na leanaí nua-rollaithe naíonán sóisearach i aon scoilbhliain mar thacar sonraí nua na riachtanas casta, ag gabháil áit an leithdháilte daltaí ísealmhnicíochta i rang a sé a d'fhág an scoil.

Maidir leis an athbhreithniú ar an tsamhail in 2019, cuirfear coigeartú bliain amháin i bhfeidhm ar shonraí daltaí riachtanas casta.

Áireofar sa chatagóir nua riachtanas ccasta na clárúcháin rollú na Naíonán Sóiseareach i scoilbhliain 2017/18, a aithníodh mar leanaí atá ag fáil seirbhísí míchumais an FSS, agus bronnfar luach breise de 3.5 uair an chloig i gcás gach dalta a aithneofar, agus déanfar soláthar i leithdháileadh na scoile maidir leis sin.

Tá sé i gceist go dtacódh sé seo le próifil iomlán na scoile a thógáil agus ní chiallaíonn sé gur chóir 3.5 uaire an chloig teagaisc a dháileadh ar leanaí sa chatagóir seo. Ba chóir do scoileanna leanúint ar aghaidh ag soláthar tacaíocht teagaisc bhreise, agus ag cur san áireamh na riachtanais atá ag gach leanbh ar leith, de réir na dtreoirlínte.

Cuirfear luach bunaithe ar líon na Naíonán Sóisearach a bhfuil riachtanais chasta acu (mar atá aitheanta ag an FSS) agus a rollaigh sa scoil i Meán Fómhair 2017 i bhfeidhm maidir le scoilbhliain 2017/18.

Asbhainfear na leithdháiltí múinteoireachta acmhainne a bhí i bhfeidhm roimhe seo do lucht fágála ísealmhnicíochta rang a sé maidir leis an scoilbhliain 2016/17 roimhe sin.

Is é an t-iarmhéid a bheidh ann an leithdháileadh nua riachtanas casta le haghaidh an chuid seo de phróifil na scoile.

Coimeádfar seacht mbliana as ocht mbliana de luach reatha ísealmhnicíochta na scoile.

Coimeádfar na luachanna 'ísealmhnicíochta' i gcás na ndaltaí eile ar fad a ndearnadh soláthar roimhe seo dóibh i gcatagóir na riachtanas casta agus leanfar leo go dtí go mbeidh na daltaí sin imithe as an scoil

Bailiú Sonraí

Tá sonraí líon na ndaltaí a cháiligh do sheirbhísí míchumais an FSS agus a thosaigh i rang príomhshrutha Naíonán Sóisearach i Meán Fómhair 2017 curtha ar aghaidh ag gach soláthraí seirbhísí míchumais den FSS chuig an CNOS. Áirítear ar sin leanaí atá ag fáil na seirbhíse, nó atá ar liosta feithimh le haghaidh na seirbhíse.

I gcás ina raibh sé doiléir cén scoil ar a mbeadh an leanbh ag freastal, réitigh an soláthraí seirbhíse míchumais agus an CNOS an tsaincheist sin.

Tá na Múinteoirí Cuartaíochta do Leanaí atá ar Lagradharc nó ar Lagéisteacht tar éis líon na leanaí ina riar cásanna siúd atá faoi mhíchumas measartha dian/domhain, agus a chuaigh isteach i rang príomhshrutha naíonán sóisearach i Meán Fómhair 2017, a thabhairt le fios, i gcás gach scoile.

Chuir an CNOS sonraí daltaí a d'imigh as an scoil agus a bhí ag fáil uaireanta ísealmhnicíochta CNOS i scoilbhliain 2016/17 ar fáil, leis.

Seo a leanas na luachanna nua riachtanas casta ó Mheán Fómhair 2019:

- **Luath reatha riachtanas casta i gcás gach scoile**
- **+ Líon na leanaí a bhí cláraithe i rang na naíonán sóisearach ag Meán Fómhair 2017, atá aitheanta ag an FSS mar leanaí atá ag fáil seirbhísí míchumais.**
- **- Lúide luachanna ísealmhnicíochta maidir le leithdháileadh acmhainne maidir le líon na ndaltaí atá faoi mhíchumas ísealmhnicíochta a d'fhág an scoil i Meitheamh 2017.**

Ranganna Speisialta

Ní iarrtar ar sholáthraithe seirbhíse míchumais idirdhealú a dhéanamh idir daltaí Naíonán Sóisearach atá ag rollú i scoileanna príomhshrutha agus daltaí atá ag rollú i rang speisialta laistigh de scoil phríomhshrutha.

Cinntoidh sé seo go dtacófar le comhtháthú as seo amach, má athraíonn leanbh sa chatagóir riachtanas casta a rollaíonn i rang speisialta mar Naíonán Sóisearach go rang príomhshrutha amach anseo, go hiomlán nó go páirteach.

Cinntoidh sé, leis, go gcuimseofar an líon is mó is féidir leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus a rollaíonn i ranganna speisialta, i ranganna agus i ngníomhaíochtaí príomhshrutha i gcúrsa an lae scoile, de réir chumais na ndaltaí.

Scoileanna Náisiúnta Sinsearacha

Ní rollaítear Naíonáin Shóisearacha i mbunscoileanna sinsearacha. Mar sin nuair a asbhaintear líon na ndaltaí isealmhínicíochta a fhágann an scoil shinsearach, ní leithdháilfí aon luachanna nua ar scoileanna sinsearacha do dhaltaí le riachtanais chasta a bheadh ag rollú iontu, mura gcuirfí leithdháileadh frithchothromaíochta i bhfeidhm.

Rollaítear naíonáin shóisearacha ó scoileanna sóisearacha/scoileanna friothálacha naíonán, a ghabhann le scoileanna sinsearacha, sna scoileanna sinsearacha sin ar ball.

Chun an ghluaiseacht seo i líon daltaí a léiriú, cuirfear na luachanna nua riachtanas casta a úsáidfear i scoileanna sóisearacha a ghabhann le scoileanna sinsearacha, i bhfeidhm sa scoil shinsearach maidir le gach bliain ina n-áireofar naíonáin shóisearacha riachtanas casta.

Léireoidh sé sin méadú ar luachanna riachtanas casta na scoileanna sinsearacha, a chothromófar le himeacht ama, de réir mar a bhogann na daltaí idir na scoileanna.

I gcás ina gcuireann scoil shóisearach daltaí ar fáil do dhá scoil shinsearacha a ghabhann leis, cuirfear 50% den luach riachtanas casta sa scoil shóisearach i bhfeidhm i ngach scoil shinsearach.

Riachtanais chasta atá ag teacht chun cinn

Léiríonn breithniú ar na sonraí go raibh riachtanais a tháinig chun cinn i gcúrsa scoilbhliana, i gcás míchumas ísealmhnicíochta, ar aon dul a bheag nó a mhór le céatadán foriomlán na leithdháiltí ísealmhnicíochta a rinneadh leis na scoileanna.

Cuirtear leithdháiltí múinteoirí speisialta oideachais ar fáil sna scoileanna, lena n-áirítear an bhonnlíne agus an phróifíl oideachais, chun na riachtanais foriomlána oideachais speisialta sa scoil a chomhlánú, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais acu atá ag teacht chun cinn nó daltaí a d'fhéadfadh a bheith tar éis aistriú isteach sa scoil ó scoileanna eile.

Déantar foráil sna luachanna do riachtanais chasta agus sna leithdháilí iomlán oideachais speisialta a chuirtear ar fáil do na scoileanna do riachtanais chasta áirithe a thiocfaidh chun cinn le linn thréimhse na samhla. Tá na hacmhainní ag na scoileanna chun soláthar a dhéanamh do na riachtanais sin, laistigh den leithdháileadh iomlán.

Den chuid is mó, i gcás gluaiseacht daltaí laistigh de chóras na scoileanna, meastar go mbeidh cothromaíocht ann idir líon na ndaltaí nua a bhfuil riachtanais bhreise acu nó riachtanais a thiocfaidh chun cinn agus líon na ndaltaí a fhágfaidh an scoil. Cinnteoidh leithdháileadh próifílithe scoile, a bhfuil leithdháileadh bonnlíne mar chuid de, go mbeidh sé sin amhlaidh. Ní dhéanfar aon choigeartú mar sin ar phróifíl fhoriomlán scoile le linn thréimhse na samhla chun soláthar a dhéanamh do ghnáthghluaiseachtaí daltaí mar ar measúnaíodh cuid de na daltaí sin mar dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

I gcásanna eisceachtúla a thagann chun cinn, a mhéad go n-athraíonn próifíl scoile níos mó ná mar a bheadh súil leis roimh ré, beidh próiseas athbhreithnithe ar fáil chun é sin a chur san áireamh agus chun coigeartuithe a dhéanamh ar leithdháiltí do scoileanna nuair is gá.

Leithdháileadh Próifílithe

Ó tosaíodh ar leithdháileadh iomlán d'acmhainní múinteoirí oideachais speisialta a sholáthar do na scoileanna, bunaithe ar leithdháileadh próifílithe gach scoile, aistríodh an córas leithdháiltí ó chóras inar cuireadh leithdháiltí breise ar fáil do na scoileanna ar bhonn diagnóis de riachtanais speisialta oideachais, nó míchumais i gcás daltaí aonair.

Faoin tsamhail leithdháiltí, cuirtear leithdháileadh iomlán d'acmhainn múinteoirí oideachais speisialta ar fáil do na scoileanna, bunaithe ar riachtanais phróifílithe na scoile, bunaithe ar thacar príomhtháscairí sonraí.

Táscaire amháin is ea líon na ndaltaí a bhfuil riachtanais chasta acu. Mar sin féin, ba chóir a chur san áireamh gur táscaire luacha é seo a ceapadh chun cuidiú le forbairt próifílí scoile. Níl sé i gceist gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chomhaireamh.

Tá an táscaire luacha riachtanas casta ceaptha le tuairim a thabhairt de dháileadh na ndaltaí atá ag fáil seirbhísí míchumais an FSS in earnáil na scoileanna príomhshrutha agus chun aitheantas a thabhairt dó sin agus próifílí scoile á gcur i dtoll a chéile.

Níl sé ceaptha go ndéanfaidh próifílí scoil gach leanbh sa scoil a bhfuil diagnóis de riachtanas speisialta oideachais de chineál ar bith acu a aithint agus a chomhaireamh, nó chun luach a thabhairt do gach dalta den sórt sin, ar shlí a bheidh cosúil leis an tsamhail iarratais agus leithdháilte saincheaptha aonair a bhí i bhfeidhm roimh 2017.

Mar sin cuirtear leithdháileadh d'acmhainn múinteoirí oideachais speisialta ar fáil faoin bpróiseas leithdháilte próifílithe nua, bunaithe ar tháscairí sonraí phróifíil na scoile.

Cuireann sé sin leithdháileadh próifílithe ar fáil inar féidir le scoileanna am breise teagaisc a leithdháileadh ar na daltaí ina scoil féin a bhfuil sé de dhíth orthu gan gá le diagnóis míchumais chun an t-am breise teagaisc sin a fháil.

Tá saoirse ag na scoileanna, mar a mhínítear sna treoirínte, na hacmhainní a leithdháileadh mar is mian leo féin faoin tsamhail seo, bunaithe ar riachtanais na ndaltaí aonair. Ní dhearnadh aon laghdú ar leithdháiltí scoile i dtaca le haon daltaí a bhí ag fáil leithdháileadh ísealmhnicíochta riachtanas speisialta roimhe seo sa scoil sin, ar choinníoll go bhfuil an dalta fós sa scoil.

Coigeartuithe

Is é an cohórt daltaí a aithníonn an FSS mar dhaltaí atá ag fáil, nó a cháilíonn tar éis measúnú chun seirbhísí míchumais an FSS a fháil, agus a rollaigh i ranganna Naíonán Sóisearach i ngach scoilbhliain ó 2017/18 ar

aghaidh na daltaí a áireofar mar an tacar sonraí nua i gcás daltaí nua le riachtanais chasta a rolláinn sna scoileanna.

Déanfar coigeartuithe, leis, do na daltaí sin a bhfuil leithdháileadh múinteoireacht acmhainne ísealmhnicíochta acu go dtí seo agus a fhágann an scoil gach bliain.

Sa chomhthéacs seo, gné leanúnach de na socrúithe leasaithe a bheidh sa riachtanas go gcuirfeadh scoileanna an CNOS ar an eolas faoi dhaoine a fhágann an scoil.

7.2 Torthaí Thrialacha Caighdeánaithe

I gcás na leithdháiltí próifílithe a thiocfaidh i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2019, úsáideadh comhbhailiú de thorthaí bunscoile i dtrialacha caighdeánaithe thar 2013/14, 2014/15, 2015/16 agus 2016/17 chun teacht ar na luachanna trialacha caighdeánaithe do bhunscoileanna.

Cinntear le húsáid sonraí comhbhailithe ceithre bliana go bhfaighfear an pictiúr is cruinne is féidir ar phróifíl oideachais scoile thar thréimhse ama, agus nach mbeidh scoileanna faoi mhíbhuntáiste de bhrí gur fheabhsaigh siad an fheidhmíocht i gcoitinne, nó i dtréimhse níos giorra.

De ghnáth, ba chóir do scoileanna na leaganacha is déanaí de na trialacha caighdeánaithe a úsáid. Más gá chuige sin athrú ó leaganacha roimhe seo go leaganacha ‘nua’ de na trialacha le haghaidh 2018-19 agus feasta (cibé trialacha páipéir nó ríomhaire iad) ní bheidh tionchar diúltach aige sin ar leithdháileadh scoile.

Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta

I mórchuid Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta, is í an Ghaeilge príomhtheanga na ndaltaí a fhreastalaíonn orthu. Cuireann scoileanna mar seo tacaíocht bhreise teagaisc don litearthacht ar fáil don dalta trí Ghaeilge.

De réir sin, ar mhaithe le Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta, tá úsáid bainte as scóir na dtrialacha caighdeánaithe i nGaeilge agus i mBéarla araon chun an ghné sin de phróifíl scoile a bhaineann le gnóthachtáil daltaí sa litearthacht a ríomh.

I nGaeilscoileanna is féidir an tacaíocht a thugann scoileanna do dhaltáí chun cabhrú lena bhforbairt sa litearthacht a thabhairt i nGaeilge nó i mBéarla, nó sa dá theanga, de réir mar a mheasann an scoil é a bheith riachtanach.

Ba chóir, áfach, an tacaíocht seo a chur ar fáil i nGaeilge amháin sna scoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, áit ar gá do scoileanna clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, nuair nach múinfear Béarla le linn na tréimhse sin. Tá na huaireanta breise tacaíochta don Ghaeilge faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta á soláthar ag an Roinn mar leithdháileadh ar leith chun scoileanna inniúlachta na ndaltaí sa Ghaeilge a fhorbairt agus a shaibhriú, go háirithe maidir leis an nGaeilge labhartha, agus caithfear an leithdháileadh seo a chur i bhfeidhm de réir na hImlitreach 0009/2019.

7.3 Comhthéacs Sóisialta: Míbhuntáiste

I gcás an athbhreithnithe ar an tsamhail in 2019, is iad na sonraí a úsáidfear chun an chomhpháirt mhíbhuntáiste de na próifílí scoile a thabhairt chun dáta sonraí an Bhunachair Shonraí ar Líne Bunscoile (POD) agus sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh ón Daonáireamh mar atá léirithe in Innéacs HP Pobal do Cheantair Bheaga, mar atá léirithe in Innéacs Díothachta Haase Pratschke (Innéacs HP), ar modh é chun rachmas nó míbhuntáiste coibhneasta i limistéar tíreolaíoch áirithe a thomhas.

Ar na hathróa a úsáideadh chun an tInnéacs HP a thiomsú bhí athróa a bhaineann le fás daonra, cóimheasta spleáchais, leibhéal oideachais, rátaí aontuismitheora, plódú, aicme shóisialta, slí bheatha agus rátaí dífhostaíochta. Cumasctar na sonraí seo le sonraí daltaí, dí-ainmnithe agus comhbhailithe go limistéar beag, chun eolas a fháil ar leibhéal coibhneasta an dlúth-mhíbhuntáiste in aon chohórt daltaí i scoil aonair.

7.4 Comhthéacs Sóisialta: Inscne

Cuireann an tsamhail leithdháilte san áireamh difreálaigh inscne trí ualú beag a thabhairt ar bhonn inscne bunaithe ar an líon gasúr a bhíonn ag freastal ar gach scoil. Beidh ualú gach scoile mar sin ag cur san áireamh próifíl inscne gach scoile i.e. líon na ngasúr atá ag freastal uirthi.

7.5 Tacaíocht don Bhéarla mar Theanga Bhreise (BTB)

Soláthraíonn an tsamhail leithdháilte múinteoirí oideachais speisialta leithdháileadh bonnlíne do na scoileanna ar fad chun cabhrú le daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama agus litearthachta acu, lena n-áirítear riachtanais maidir le Béarla mar Theanga Bhreise (BNB).

Léireoidh scóir na dtrialacha caighdeánaithe ar a bhfuil cuid den phróifíl bunaithe daltaí a bhfuil fadhbanna litearthachta acu. Cuireadh riachtanais BNB sna scoileanna san áireamh ar shlí éigin sa suirbhé comhthéacs sóisialta ar bhunscoileanna. Mar sin cuirtear riachtanais BNB sna scoileanna san áireamh sa leithdháileadh próifílithe do scoileanna.

7.6 Leithdháileadh Breise do Scoileanna ina bhfuil Líon Ard Daltaí a éilíonn Tacaíocht Teanga (BTB)

Nuair is féidir le scoileanna a thaispeáint go bhfuil líon ard daltaí acu a éilíonn BTB is féidir leo leanúint orthu ag cur isteach ar **Leithdháileadh Breise do Scoileanna ina bhfuil Líon Ard Daltaí a éilíonn Tacaíocht Teanga (BTB)** de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos i sceideal soláthar foirne na mbunscoileanna don scoilbhliain 2018/19.

8. Leithdháileadh Próifílithe Iomlán

Tá an leithdháileadh próifílithe iomlán a thugtar do gach scoil ceaptha le cinntiú go mbíonn leibhéal socraithe tacaíochta teagaisc oideachais speisialta ag na scoileanna uile d'fhonn tacaíocht teagaisc bhreise a sholáthar do gach dalta dá gcuid a bhfuil riachtanais aitheanta acu, daltaí a chlarófar sa todhchaí san áireamh.

Faightear sonraí in Aguisín 1 ar an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm an leithdháileadh próifílithe iomlán don earnáil bhunscoile ina hiomláine.

9. Próiseas Achomhairc

Cuirfidh an CNOS scoileanna ar an eolas faoi na leithdháiltí le litir agus trína bhfoilsíú ar an suíomh idirlín. Leagfar mionsonraí an phróisis athbhreithnithe/achomhairc amach mar chuid den fhógra seo agus foilseofar é ar shuíomh gréasáin an CNOS www.ncse.ie

Cuirfear san áireamh san achomharc aon tosca mar a mbraitheann scoileanna gur áiríodh a bpróifíl go hearráideach, bunaithe ar na sonraí atá leagtha amach sa Chiorclán seo. Is féidir achomharc a dhéanamh ag iarraidh athbhreithniú ar an eolas a úsáideadh agus ar an tslí a áiríodh an leithdháileadh.

I gcásanna eisceachtúla a thagann chun cinn i scoileanna thar thréimhse na samhla, a mhéad go n-athraíonn próifíl scoile níos mó ná mar a bheadh súil leis roimh ré, beidh próiseas athbhreithnithe eile ar fáil chun é sin a chur san áireamh agus chun coigeartuithe a dhéanamh ar leithdháiltí do scoileanna nuair is gá.

10. Slánú

Do scoileanna a fhaigheann leithdháileadh breise faoin bpróiseas nua leithdháilte, slánaítear an leithdháileadh go haonaid de 2.5 uair an chloig, d'fhonn an leithdháileadh ar scoileanna a shimpliú.

I gcás scoileanna a fhaigheann laghdú ar an eilimint choimeádta dá leithdháileadh, slánófar na leithdháiltí nua go dtí an 0.50 uair an chloig is gaire.

Scoileanna nach bhfaigheann leithdháileadh coigeartaithe, coimeádfaidh siad a leithdháileadh reatha.

11. Líonadh Post

Ba chóir poist do mhúinteoirí oideachais speisialta a líonadh de réir na socrúithe foilsithe soláthar agus athlonnú foirne a leagfar amach i Sceideal Soláthar Foirne na mBunscoileanna don scoilbhliain 2019/20 seo.


Gheofar an ciorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie

Eddie Ward
Príomhoifigeach
Aonad an Oideachais Speisialta

25th Feabhra, 2019

Aguisín 1: Leithdháileadh Próifílithe Iomlán

Cé nach ionann na leithdháiltí a gheobhaidh aon dá scoil, bunaithe ar an líon daltaí i ngach scoil a cháilíonn laistigh de gach catagóir a bhfuiltear ag déanamh leithdháileadh próifílithe dóibh, is mar seo a leanas a dhéanfar na n-acmhainní iomlána atá ann agus atá le hathdháileadh a leithdháileadh, bunaithe ar shamhail leithdháilte próifílithe do bhunscoileanna:



Bonnlíne

Tá leithdháileadh bonnlíne gach próifíl scoile comhdhéanta de 20% de líon iomlán na bpost do mhúinteoirí oideachais speisialta atá ar fáil, agus iad athdháilte go cothrom idir na scoileanna uile, bunaithe ar rollú gach scoile don scoilbhliain 2015/16, arb é an rollú sonraithe deireanach is iomláine dá bhfuil ar fáil.

Riachtanais Chasta

Má chloímid leis an Leithdháileadh Ísealmhnicíochta in 2016/17 do bhunscoileanna, d'fhonn an chomhpháirt riachtanas casta a chruthú le haghaidh tabhairt isteach na samhla nua leithdháilte ó Mheán Fómhair 2017, ciallaíonn sé sin go bhfuil tuairim ar 50% den líon iomlán poist

Acmhainne/Tacaíocht Foghlama a leithdháiltear ar bhunscoileanna don scoilbhliain 2016/17 á n-úsáid le haghaidh chomhpháirt riachtanas casta na próifíle.

Ciallaíonn an coigeartú le haghaidh chomhpháirt riachtanas casta na bpróifílí scoile, mar atá leagtha amach in Alt 7.1 thuas, gur aithníodh cohórt nua daltaí ó Mheán Fómhair 2019 mar an chomhpháirt riachtanas casta don scoilbhliain 2017/18 ar aghaidh agus gur baineadh as sin lucht ísealmhínicíochta rang a sé a d'fhág an scoil an bhliain roimhe sin.

Ó Mheán Fómhair 2019 ar aghaidh, úsáidfear tuairim ar 42.3% de líon iomlán na bpost do mhúinteoirí oideachais speisialta le haghaidh chomhpháirt riachtanas casta na próifíle.

De bhrí gur lú an céatadán de phoist atá á n-úsáid le haghaidh chomhpháirt riachtanas casta na samhla, fágann sé gur mó post atá ar fáil le scaipeadh ar na catagóirí eile le haghaidh Scóir Thrialacha Caighdeánaithe, Míbhuntáiste nó Inscne.

Scóir Thrialacha Caighdeánaithe

An chuid de na hacmhainní foriomlána atá á sholáthar do thorthaí na dtrialacha caighdeánaithe faoin bpróifíl scoile is ionann é agus tuairim ar 27.85% den leithdháileadh iomlán do bhunscoileanna.

Míbhuntáiste

Tá tuairim ar 5.5% den leithdháileadh próifílithe iomlán do bhunscoileanna á sholáthar chun cuid den leithdháileadh a chur ar fáil le haghaidh páistí faoi mhíbhuntáiste. Beidh sé sin difriúil ó scoil go scoil ag brath ar chomhthéacs sóisialta gach scoile.

Inscne

Tá tuairim ar 4.35% den leithdháileadh próifílithe iomlán do bhunscoileanna á sholáthar chun cuid den leithdháileadh a chur ar fáil le haghaidh inscne.

Beidh an leithdháileadh iarmhír a thugtar éagsúil idir scoileanna, ag brath ar an líon daltaí laistigh de gach catagóir den phróifíl.